Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5598/26**

**AGRILEG 11**
**PESTICIDE 3**
**DENLEG 4**
**PHYTOSAN 4**
**SAN 43**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 20 Eanáir 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D105864/06 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leagtar síos ceanglais lipéadaithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 547/2011 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D105864/06.

---

Faoi iamh: D105864/06

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2022/1649 Rev. 1
(POOL/E4/2022/1649/1649R1-EN.docx)
D105864/06
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leagtar síos ceanglais lipéadaithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 547/2011**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leagtar síos ceanglais lipéadaithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 547/2011**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

[1]Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 65(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) Uimh. 547/2011 ón gCoimisiún[2] tá ceanglais maidir le lipéadú táirgí cosanta plandaí, lena n-áirítear frásaí caighdeánacha maidir le rioscaí speisialta do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe agus maidir le réamhchúraimí sábháilteachta le haghaidh chosaint shláinte an duine nó sláinte ainmhithe nó an chomhshaoil chomh maith leis na critéir shannta le haghaidh na bhfrásaí caighdeánacha agus na réamhchúraimí sábháilteachta sin.

(2) Tá leasú déanta ar na ceanglais lipéadaithe le haghaidh substaintí agus meascáin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/707 ón gCoimisiún[4] agus le Rialachán (AE) 2024/2865[5]. Chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú Rialachán (CE) 1107/2009 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] a éascú, ba cheart eilimintí áirithe de na ceanglais lipéadaithe le haghaidh

1 IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

2 Rialachán (AE) Uimh. 547/2011 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais lipéadaithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí (IO L 155, 11.6.2011, lch. 176, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/547/oj).

3 Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/707 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmí guaise agus critéir maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 93, 31.3.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/707/oj).

5 Rialachán (AE) 2024/2865 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L, 2024/2865, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2865/oj).

6 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus

táirgí cosanta plandaí a ailíniú leis na ceanglais lipéadaithe nua is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(3) De bhun Airteagal 65(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi na frásaí lipéadaithe náisiúnta breise is gá chun sláinte an duine nó sláinte ainmhithe nó an comhshaol a chosaint ina gcríocha féin. Tá fógra tugtha ag na Ballstáit faoi fhrásaí breise lena gceanglaítear trealamh cosanta pearsanta agus trealamh teicniúil sonrach le haghaidh cúraimí sonracha. Ina theannta sin, tá fógra tugtha ag na Ballstáit faoi fhrásaí ina bhfuil bearta maolaithe riosca chun aghaidh a thabhairt ar a n-imthosca sonracha comhshaoil nó talmhaíochta de bhun Airteagal 36(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Tá na frásaí breise mar a d'fhógair na Ballstáit tiomsaithe ag an gCoimisiún agus rinne sé iad a mheas lena n-áireamh sa Rialachán seo.

(4) Ní raibh na critéir shannta a bhaineann le cuid de na frásaí caighdeánacha i Rialachán (CE) Uimh. 547/2011 nasctha le toradh an mheasúnaithe riosca. Chun obair na mbainisteoirí riosca sna Ballstáit a éascú, ba cheart frásaí caighdeánacha a shannadh do lipéad na dtáirgí cosanta plandaí dá bhfuil sé léirithe sa mheasúnú riosca gur cheart srianta úsáide nó bearta sonracha maolaithe riosca a chur i bhfeidhm maidir leo chun sláinte an duine (oibreoirí, oibrithe, daoine atá ar an láthair agus cónaitheoirí) nó an comhshaol a chosaint. Ina theannta sin, frásaí eile a bhfuil sé d'aidhm acu dea-chleachtais talmhaíochta shonracha a chur in iúl agus toitreáin, creimiricídí nó táirgí le haghaidh úsáid cóireála síolta á n-úsáid, déantar na frásaí sin a chatagóiriú freisin. An tráth céanna, ba cheart do na Ballstáit beachtas forlíontach a sholáthar a bhaineann leis na bearta maolaithe riosca arna sainaithint ag na bainisteoirí riosca agus táirge cosanta plandaí á údarú acu de bhun Airteagal 36(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, i spásanna nó in ionadchoinneálaithe atá sna frásaí caighdeánacha sin chun na críche sin.

(5) I gcás catagóirí áirithe táirgí cosanta plandaí, ba cheart frásaí réamhchúraim sonracha agus dea-chleachtais talmhaíochta a shannadh go córasach, agus ba cheart an méid sin a bheith neamhspleách ar thoradh an mheasúnaithe riosca.

(6) D'fhéadfadh lipéid dhigiteacha feabhas a chur ar chur in iúl na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le táirgí cosanta plandaí agus d'fhéadfadh siad buntáistí a chur ar fáil d'úsáideoirí amhail clónna níos mó, uathchuardach, cúnamh gutha nó aistriúchán go teangacha eile. Thairis sin, d'fhéadfadh lipéid dhigiteacha ar tháirgí cosanta plandaí feabhas a chur ar an aistriú chuig talmhaíocht dhigiteach agus ar ghlacadh teicnící beachtleata, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí na coinníollacha údaraithe úsáide a aistriú chun innealra leata, léarscáileanna áitiúla, nó stáisiúin aimsire a chumhdach, chomh maith leis an tuairisciú a shimpliú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)

táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj).

2023/564 ón gCoimisiún[7]. Dá bhrí sin, is iomchuí lipéad digiteach a cheangal le haghaidh táirgí cosanta plandaí, sa bhreis ar an lipéad fisiceach, agus ceanglais a leagan síos a mhéid a bhaineann leis na lipéid dhigiteacha.

(7) Mar riail ghinearálta, ba cheart na heilimintí céanna a bheith ar lipéad fisiceach agus digiteach táirge cosanta plandaí, rud a léireodh inneachar an údaraithe a deonaíodh, agus ba cheart solúbthacht theoranta a bheith ann le linn tréimhsí cairde de bhun Airteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(8) Is iomchuí úsáid lipéad aisfhillteach a cheadú le haghaidh táirgí cosanta plandaí, agus, i gcás pacáistí beaga, an fhéidearthacht an lipéad a sholáthar i bhformáid bhileoige a ghabhann leis an bpacáiste. I gcás lipéid aisfhillteacha, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha is infheidhme maidir le cur i láthair na lipéad aisfhillteach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(9) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1487 ón gCoimisiún[8], beidh teorantóirí agus sineirgígh atá ar an margadh faoi réir formheas ar leibhéal an Aontais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is iomchuí, dá bhrí sin, go sonrófaí ar an lipéad ainm an teorantóra/na dteorantóirí agus an tsineirgígh/na sineirgíoch atá formheasta faoin Rialachán sin agus atá i dtáirge cosanta plandaí, mar aon le hainm a dtiúchana faoi seach.

(10) De bhun Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ní mór prionsabail na bainistíochta comhtháite lotnaidí a chur i bhfeidhm chun an úsáid cheart a bhaint as táirge cosanta plandaí. Dá bhrí sin, chun a mheabhrú d'úsáideoirí an oibleagáid prionsabail na bainistíochta comhtháite lotnaidí a chur i bhfeidhm, ba cheart frása caighdeánach sonrach a bheith ar lipéad na dtáirgí cosanta plandaí a údaraítear d'úsáideoirí gairmiúla.

(11) Ba cheart do lipéad an táirge úsáideoirí gairmiúla a chur ar an eolas faoi choinníollacha úsáide an táirge cosanta plandaí údaraithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht teicnící beachtleata a úsáid. Leis na teicnící sin cuirtear ar a gcumas do na húsáideoirí na táirgí cosanta plandaí údaraithe a chur i bhfeidhm ar bhealach níos beaichte agus níos cruinne i gcomparáid le gnáth-threalamh leata. Leis na teicnící sin is féidir cion an táirge cosanta plandaí a leatar in aghaidh an heicteáir a laghdú, agus an ráta leata a údaraítear a choinneáil ar bun ar na spriocdhromchlaí an tráth céanna. D'fhéadfadh teicnící beachtleata cur le laghdú foriomlán ar nochtadh an chomhshaoil do tháirgí cosanta plandaí agus d'fhéadfadh siad úsáid níos éifeachtúla, níos spriocdhírithe agus níos inbhuanaithe na dtáirgí sin a spreagadh.

(12) Chun dramhaíl ó dhiúscairt phacáistíocht na dtáirgí cosanta plandaí a chosc, agus ní hamháin ó dhiúscairt na dtáirgí cosanta plandaí iad féin, ba cheart frásaí caighdeánacha maidir lena ndiúscairt shábháilte a shuí.

---

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/564 ón gCoimisiún an 10 Márta 2023 a mhéid a bhaineann le hinneachar agus formáid na dtaifead a choinníonn úsáideoirí gairmiúla ar tháirgí cosanta plandaí de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 74, 13.3.2023, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/564/oj).

[8] Rialachán (AE) 2024/1487 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2024 lena sainmhínítear na ceanglais sonraí maidir le formheas teorantóirí agus sineirgíoch agus lena mbunaítear clár oibre chun athbhreithniú a dhéanamh de réir a chéile ar theorantóirí agus ar shineirgígh atá ar an margadh (IO L, 2024/1487, 30.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1487/oj).

(13) Chun feabhas a chur ar an gcumarsáid leis an úsáideoir maidir le táirgí cosanta plandaí a d'fhéadfadh a bheith guaiseach do bheacha, ba cheart frása sonrach agus picteagram sonrach a shuí.

(14) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 ón gCoimisiún[9] agus leis na prionsabail aonfhoirmeacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 546/2011 ón gCoimisiún[10], measfar gur íogróirí féideartha iad na miocrorgánaigh uile go dtí go mbeidh tástálacha bailíochtaithe ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar a n-íogrú. Dá bhrí sin, ba cheart abairt réamhchúraim shonrach a shuí chun rabhadh a thabhairt maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfadh miocrorgánaigh a bheith ina gcúis le frithghníomhuithe íogrúcháin.

(15) Ní mór úsáideoirí deiridh síolta cóireáilte a chur ar an eolas faoi na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as síolta cóireáilte a shíolú, arb é an táirge/na táirgí cosanta plandaí a úsáideadh chun na síolta a chóireáil is cúis leo. Ós rud é nach mbíonn rochtain i gcónaí ag úsáideoir deiridh na síolta cóireáilte ar lipéad an táirge/na dtáirgí cosanta plandaí lena gcóireáiltear na síolta, ba cheart frásaí caighdeánacha áirithe chun bearta maolaithe riosca a chur in iúl agus na síolta cóireáilte á láimhseáil nó á síolú a bheith ar lipéad an táirge/na dtáirgí cosanta plandaí agus ar an lipéad agus ar na doiciméid a ghabhann leis na síolta cóireáilte i gcomhréir le hAirteagal 49(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(16) Chun uirlisí leordhóthanacha a sholáthar do na Ballstáit chun trádáil táirgí cosanta plandaí neamhdhleathacha a chomhrac, is iomchuí ceanglas lipéadaithe sonrach a shuí le haghaidh táirgí cosanta plandaí atá faoi réir cead trádála comhthreomhaire a dheonaítear faoi Airteagal 52 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. I gcomhréir leis an mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-830/21, Syngenta Agro[11], ba cheart a shoiléiriú gur cheart baiscuimhir an fhoirmlithe lena mbaineann arna leithdháileadh ag an monaróir tosaigh, uimhir an cheada agus ainm agus seoladh shealbhóir an cheada a bheith ar lipéad táirge arna thrádáil go comhthreomhar.

(17) De bhun Airteagal 54 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, is féidir táirgí cosanta plandaí a úsáid chun críocha taighde nó forbartha. Ós rud é nach bhfuil údarú ag teastáil le haghaidh na dtáirgí sin, agus chun treoracha sábháilteachta a sholáthar do thaighdeoirí, ba cheart ceanglais áirithe maidir le lipéadú táirgí cosanta plandaí atá le húsáid chun na gcríoch sin a choinneáil ar bun.

(18) Chun a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ag údaráis inniúla, sealbhóirí údaruithe, soláthróirí agus úsáideoirí gairmiúla nó neamhghairmiúla oiriúnú do na ceanglais nua a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart dáta a chur i bhfeidhm a chur siar.

(19) Ina theannta sin, ba cheart beart idirthréimhseach a thabhairt isteach chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme de réir a chéile na ceanglais nua a leagtar amach sa Rialachán seo tráth a dhéanfar údaruithe nua ar tháirgí cosanta plandaí agus tráth a dhéanfar

---

[9] Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena leagtar amach na ceanglais sonraí i ndáil le substaintí gníomhacha, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 93, 3.4.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/283/oj).

[10] Rialachán (AE) Uimh. 546/2011 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le prionsabail aonfhoirmeacha chun measúnú agus údarú a dhéanamh ar tháirgí cosanta plandaí (IO L 155, 11.6.2011, lch. 127, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/546/oj).

[11] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Nollaig 2023, *Syngenta Agro*, C-830/21, ECLI:EU:C:2023:959.

údaruithe ar tháirgí cosanta plandaí a athnuachan. Ós rud é nach mór dréachtlipéad a chur isteach in iarratais ar an gcineál sin údaraithe nó athnuachana, ba cheart feidhm a bheith ag an mbeart idirthréimhseach seo i gcás inar cuireadh an t-iarratas ábhartha isteach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. I gcás nach mór lipéad na dtáirgí cosanta plandaí sin a leasú nó a thabhairt cothrom le dáta, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag cuid de na ceanglais nua a leagtar amach sa Rialachán seo maidir leis an lipéad leasaithe gan fanacht leis an gcéad athnuachan eile ar an údarú.

(20) Mar gheall ar an líon ard leasuithe agus ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí Rialachán (AE) Uimh. 547/2011 a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad.

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
***Rialacha ginearálta***

1. Soláthrófar na heilimintí lipéid dá dtagraítear in Airteagail 3, 4, 5, 6, 7 agus 10 den Rialachán seo ar lipéad i bhfoirm fhisiceach ('lipéad fisiceach') agus i bhfoirm dhigiteach ('lipéad digiteach').

2. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe nó sealbhóir an cheada táirge cosanta plandaí go mbeidh na heilimintí céanna ar lipéad fisiceach agus digiteach an táirge cosanta plandaí. Leis na heilimintí sin léireofar inneachar an údaraithe lena mbaineann a deonaíodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

3. De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina leasaítear údarú táirge cosanta plandaí agus ina ndeonaítear tréimhse chairde faoi Airteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, féadfar a lipéad digiteach a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an údarú leasaithe roimh dheireadh na tréimhse cairde sin.

4. Féadfar an lipéad fisiceach a chur i láthair mar lipéad aisfhillteach. Sa chás sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag roinn 1.2.1.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

5. I gcás pacáistí beaga, féadfar an fhaisnéis a cheanglaítear le pointe (j) go pointe (s) d'Iarscríbhinn I a léiriú ar bhileog ar leithligh a ghabhann leis an bpacáiste. Measfar gur cuid den lipéad fisiceach an bhileog sin.

6. Féadfaidh sealbhóir an údaraithe nó sealbhóir an cheada táirge cosanta plandaí faisnéis bhreise a chur ar an lipéad fisiceach agus digiteach, ar choinníoll go bhfuil sí i gcomhréir le hinneachar an údaraithe lena mbaineann a deonaíodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

*Airteagal 2*
***An lipéad digiteach***

1. Ar an lipéad fisiceach, priontálfar iompróir sonraí, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (39), de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, a nascann leis an lipéad digiteach.

2. Beidh an lipéad digiteach inrochtana gan gá le cuntas agus beidh sé saor in aisce.

3. Ar tháirge cosanta plandaí a tharraingt siar ón margadh nó, i gcás inarb infheidhme, ag deireadh na tréimhse cairde dá dtagraítear in Airteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, déanfar a lipéad digiteach a dhíghníomhachtú, nó beidh ráiteas soiléir le feiceáil ag an úsáideoir lena gcuirtear in iúl nach bhfuil an táirge údaraithe a thuilleadh sa Bhallstát lena mbaineann.

*Airteagal 3*

***Faisnéis faoi shainaithint an táirge cosanta plandaí agus faoi choinníollacha a úsáide***

Beidh faisnéis ar lipéad táirge cosanta plandaí faoi shainaithint an táirge cosanta plandaí agus faoi choinníollacha a úsáide mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 4*

***Frásaí caighdeánacha maidir le diúscairt shábháilte***

Beidh frásaí caighdeánacha ar lipéad táirge cosanta plandaí maidir le coimeádán an táirge cosanta plandaí a dhiúscairt go sábháilte mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, i gcás inar gá sin de réir na gcritéar sannta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 5*

***Frásaí caighdeánacha agus picteagram maidir le guaiseacha a chur in iúl***

1. Beidh frásaí caighdeánacha ar lipéad táirge cosanta plandaí maidir le guaiseacha a chur in iúl mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, i gcás inar gá sin de réir na gcritéar sannta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

2. Beidh frása caighdeánach agus picteagram ar lipéad táirge cosanta plandaí chun an ghuais a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an táirge do bheacha a chur in iúl, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, i gcás inar gá sin de réir na gcritéar sannta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

3. Beidh frása caighdeánach ar lipéad táirge cosanta plandaí ina bhfuil miocrorgánaigh mar shubstaint ghníomhach chun a chur in iúl go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhuithe íograithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 6*

***Frásaí caighdeánacha maidir le bearta maolaithe riosca***

1. Beidh frásaí caighdeánacha ar lipéad táirge cosanta plandaí maidir le bearta maolaithe riosca mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V, i gcás inar gá sin de réir na gcritéar sannta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

2. Éileoidh na húdaráis inniúla, más gá, beachtas breise sna frásaí caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V i gcás ina léiríonn na hionadchoinneálaithe nó na spásanna an rogha é sin a dhéanamh.

*Airteagal 7*

***Frásaí caighdeánacha a bhaineann le síolta cóireáilte a shíolú***

1. Na frásaí caighdeánacha a bhaineann le síolta cóireáilte a shíolú agus atá i roinn 7.2 d'Iarscríbhinn V, cuirfear iad, i gcás inar gá sin de réir na gcritéar sannta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, ar lipéad an táirge cosanta plandaí a údaraítear le haghaidh úsáidí cóireála síolta agus ar an lipéad agus na doiciméid a ghabhann leis na síolta cóireáilte.

2. I gcás inarb ábhartha, ar an lipéad agus ar na doiciméid a ghabhann leis na síolta cóireáilte beidh frásaí breise ó lipéad an táirge cosanta plandaí a bhaineann le bearta maolaithe riosca freisin.

3. Éileoidh na húdaráis inniúla, más gá, beachtas breise sna frásaí caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V i gcás ina léiríonn na hionadchoinneálaithe nó na spásanna an rogha é sin a dhéanamh.

*Airteagal 8*

***Faisnéis mhíthreorach ar an lipéad***

Ní thaispeánfar ráitis mhíthreoracha ar lipéad táirge cosanta plandaí, go háirithe ráitis a thugann le tuiscint go bhfuil an táirge cosanta plandaí neamhghuaiseach nó ráitis nach bhfuil comhsheasmhach le haicmiú an táirge cosanta plandaí de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 nó nach bhfuil comhsheasmhach le hinneachar an údaraithe a deonaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

*Airteagal 9*

***Teanga***

Beidh an lipéad scríofa i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina gcuirfear an táirge cosanta plandaí ar an margadh mura bhforálfaidh an Ballstát lena mbaineann a mhalairt.

*Airteagal 10*

***Táirgí a thrádáiltear go comhthreomhar***

1. Beidh na heilimintí breise seo a leanas ar lipéad táirge cosanta plandaí ar deonaíodh cead trádála comhthreomhaire ina leith i mBallstát amháin (an Ballstát a thugann isteach an táirge) faoi Airteagal 52 de Rialachán (CE) 1107/2009:

   (a) uimhir an cheada;

   (b) ainm, seoladh agus uimhir theileafóin shealbhóir an cheada. Féadfar é sin a chur in ionad ainm, sheoladh agus uimhir theileafóin shealbhóir an údaraithe sa Bhallstát tionscnaimh.

2. Is éard a bheidh i mbaiscuimhir an táirge cosanta plandaí an bhaiscuimhir a leithdháileann monaróir an táirge cosanta plandaí a údaraítear sa Bhallstát tionscnaimh.

*Airteagal 11*

***Táirgí cosanta plandaí lena n-úsáid le haghaidh taighde agus forbartha***

1. De mhaolú ar Airteagail 1 go 7 den Rialachán seo, lipéad táirge cosanta plandaí atá le húsáid le haghaidh turgnamh nó tástálacha chun críoch taighde nó forbartha, dá bhforáiltear in Airteagal 54 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ní chomhlíonfaidh sé, i gcás inarb ábhartha, ach pointí (c), (d), (e) agus (k) d'Iarscríbhinn I.

2. Ar an lipéad beidh faisnéis maidir leis na coinníollacha sonracha a fhorchuirtear ar bhonn Airteagal 54(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus na focail 'táirge atá beartaithe le haghaidh úsáid thurgnamhach, gan saintréithriú iomlán déanta air, bí an-chúramach leis'.

*Airteagal 12*

***Bearta idirthréimhseacha***

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 547/2011 go fóill maidir le lipéad na dtáirgí cosanta plandaí ar deonaíodh an t-údarú nó an athnuachan is déanaí ar an údarú faoi Rialachán (CE) 1107/2009 ina leith ar bhonn iarratas a cuireadh isteach roimh an 1 Eanáir 2028.
2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás nach mór lipéad an táirge cosanta plandaí lena mbaineann a leasú tar éis an 1 Eanáir 2028, beidh lipéad digiteach dá dtagraítear in Airteagal 2 ar lipéad leasaithe an táirge cosanta plandaí sin.
3. De mhaolú ar mhír 1, d'fhéadfadh lipéad táirgí cosanta plandaí roinnt de cheanglais an Rialacháin seo, nó iad ar fad, a chomhlíonadh cheana féin. Sa chás sin, ar an lipéad tugtha cothrom le dáta beidh lipéad digiteach ar a laghad dá dtagraítear in Airteagal 2.
4. De mhaolú ar mhír 1, faoin 1 Eanáir 2030 ar a dhéanaí, beidh lipéad digiteach dá dtagraítear in Airteagal 2 ar gach lipéad táirgí cosanta plandaí.

*Airteagal 13*

***Aisghairm***

Aisghairtear Rialachán (AE) 547/2011.

Forléireofar tagairtí don Rialachán aisghairthe mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 14*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*